

Prótacal Roghnach ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh maidir le nós imeachta cumarsáide

Dhaingnigh Éire an Prótacal Roghnach ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh maidir le nós imeachta cumarsáide ar 17^ú Meán Fómhair 2014 (tá an téacs iomlán ar fáil ag <http://www.ohchr.org/EN/HRBodies/CRC>). Tháinig sé i bhfeidhm ar 24^ú Nollaig 2014. Déanann an prótacal foráil do chumarsáid dhíreach le Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh¹, áit a sáraítear cearta linbh mar atá siad leagtha amach i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Déanann an Prótacal foráil do thrí nós imeachta cumarsáide ar leith:

- An Nós Imeachta Cumarsáide Aonair
- An Nós Imeachta Cumarsáide Idirstáit
- An Nós Imeachta Fiosrúcháin

Ní inghlactha gach cumarsáid. Leagtar amach inghlacthacht cumarsáidí in Airteagal 7 den Phrótacal. Mar shampla, níl cumarsáidí inghlactha áit a bhfuil siad anaithnid. Bíonn siad neamh-inghlactha freisin nuair a tharla na fíorais is ábhar don chumarsáid roimh don Phrótacal reatha teacht i bhfeidhm i gcás an Stáit atá ina pháirtí, ach amháin sa chás go raibh na fíorais sin ag tarlú i gcónaí tar éis an dáta sin.

In Éirinn, tá roinnt bealaí ann faoi láthair atá ar fáil do leanaí agus dá dtuismitheoirí nó dá gcaomhnóirí chun sásamh a lorg i gcásanna ina bhfuil sé líomhnaithe gur sáraíodh cearta leanbh. Cuirtear iad seo ar fáil trí na nósanna imeachta gearáin atá ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla Stáit. Ina theannta sin, tá sé de chumhacht ag comhlachtaí neamhspleácha reachtúla gearáin a imscrúdú agus a chinneadh (mar shampla, Oifig an Ombudsman do Leanaí, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an tÚdarás Comhionannais). Féadann an cumas a bheith ann chomh maith sásamh a lorg trí dhúshlán dlíthiúil sna cúirteanna.

Bíodh is nach bhfuil cinntí de chuid Choiste na NA ina gceangal ar Stáit, tá Éire, mar pháirtí le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, freagrach do na Náisiúin Aontaithe as feidhmiú an Choinbhinsiúin aici.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar <http://www.ohchr.org/EN/HRBodies/CRC> Naisc úsáideacha eile is ea:

- www.ohchr.org Oifig an Ard-Choimisinéara do Chearta an Duine
- www.oco.ie Oifig an Ombudsman do Leanaí
- www.equality.ie An tÚdarás Comhionannais

¹Grúpa de 18 saineolaí idirnáisiúnta ar chearta an linbh is ea Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh arna bhunú faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus tugann siad tuairisc do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.